C/2026/3904

20.7.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12362 — FEDEX / ADVENT / A&R / INPOST)

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/3904)

1. An 10 Iúil 2026 fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— FedEx Corporation ('FedEx', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— IS Iris Financial Investor S.à r.l. ('IS Iris', Lucsamburg), faoi rialú Advent International, L.P. ('Advent', Stáit Aontaithe Mheiriceá),

— A & R Investments Limited ('A &R', Málta), faoi rialú Life & Science Foundation (Lichtinstéin),

— InPost S.A. ('InPost', Lucsamburg).

Gheobhaidh FedEx, Advent agus A&R rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) den Rialachán um Chumaisc, ar InPost ina iomláine.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Cuireann FedEx punann leathan seirbhísí iompair, ríomhthráchtála agus gnó ar fáil do chustaiméirí, lena n-áirítear seirbhísí seachadta pacáistí beaga intíre agus idirnáisiúnta ar fud an domhain agus ar fud LEE.

— Is cuideachta sealbhaíochta airgeadais faoi rialú Advent é IS Iris. Faigheann Advent bunanna cothromais agus bainistíonn sé cistí infheistíochta in earnálacha éagsúla, lena n-áirítear cúram sláinte, tionsclaíocht, teicneolaíocht, tomhaltóirí, agus seirbhísí gnó agus airgeadais ar fud an domhain agus ar fud LEE.

— Téann A &R i mbun gníomhaíochtaí infheistíochta trí phunann dhomhanda éagsúlaithe, lena n-áirítear lóistíocht, uathoibriú lóistíochta, ríomhthráchtáil, réitigh anailíseacha, uathoibriú margaíochta agus earnálacha nuálaíochta éiceolaíocha, agus é ag díriú ar LEE.

— Soláthraíonn InPost seirbhísí seachadta pacáistí beaga, atá dírithe ar sheachadadh baile idir gnólachtaí agus tomhaltóirí trí líonra meaisíní beartán uathoibrithe agus pointí bailithe/fágála, chomh maith le seirbhísí seachadta pacáistí sa bhaile, san Ostair, sa Bheilg, sa Fhrainc, sa Ghearmáin, san Iodáil, i Lucsamburg, san Ísiltír, sa Pholainn, sa Phortaingéil, sa Spáinn agus sa Ríocht Aontaithe.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12362 — FEDEX / ADVENT / A&R / INPOST

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

An Coimisiún Eorpach
Ard-Stiúrthóireacht um Iomaíocht
Clárlann na gCumasc
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË